**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

# EALAÍN

## Ceardaíocht

### Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar Ealaín

**Déardaoin, 4 Bealtaine, Maidin 9.30 - 12.00 Tráthnóna 2.00 - 4.30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí ar an **Déardaoin, 27 Aibreán**

**Treoracha**

- Ceadaítear bileog **amháin** A2 de sceitsí ullmhúcháin a thabhairt isteach san ionad scrúdaithe mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog sin a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb é do chuid oibre pearsanta féin, a rinne tú gan chúnamh, atá ann.
- **Ní cheadaítear** duit aon **áis amhairc** sa bhreis, e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe nó obair ealaíne réamhullmhaithe, a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do dhearadh molta deiridh.
- Ceadaítear úsáid a bhaint as pé ábhair cheardaíochta agus uirlisí is gá chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.
- Ní cheadaítear ábhair orgánacha a mheathann a úsáid.
- Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.
- Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Céim 1: Bileog Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE) (0 marc)

Do chuid taighde is cóir a bheith sa bhileog A2 seo de sceitsí ullmhúcháin ar chóir iad a bheith déanta agat le linn na seachtaine roimh an scrúdú. Is féidir rogha a bheith anseo de na léirthuiscintí a bhaineann tusa go pearsanta as an gceist a roghnaigh tú agus smaointe a bhaineann leis an gceist a ndearna tú taighde orthu. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh an obair ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna gearrtha amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór obair dá leithéid a ghreamú síos go cothrom ar do bhileog ullmhúcháin A2.

Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)

Cuireann tú do bhileog A2 réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog sceitsí ullmhúcháin **a fhorbairt.** Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2D nó 3D mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe sin. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na tréithe físiúla, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Ní mór duit oibriú **go díreach** ar do bhileog A2 agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, agus iad daite más mian leat. Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanann tú. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

Céim 3: Ceardaíocht Chríochnaithe (90 marc)

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an scrúdaithe.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ina gcuirfidh tú na nithe seo a leanas:***

- Do bhileog A2 Sceitsí Ullmhúcháin
- Do bhileog A2 Bileog Réamhsceitsí
- Ní/Nithe eile(má shonraítear iad sa cheist atá freagartha agat)
- Do phíosa ceardaíochta críochnaithe, má tá sé déthoiseach.

Más ceardaíocht thríthoiseach atá déanta agat is cóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí feistithe di.

Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

1. **Leabharcheardaíocht** -

   Dear agus déan comhad bosca, vallait doiciméad nó fillteán infhairsingithe chun faisnéis/gearrtháin ar cheann de na topaicí seo a leanas a choimeád ann:

   (a) Infheistíocht i Maoin Thar Lear

   (b) Roghanna Taistil sa bhliain 2050

   (c) Éire Ársa

   Ní mór don saothar críochnaithe leabharcheardaíochta a bheith déanta as ábhair oiriúnacha agus a bheith feidhmiúil. Ba chóir go gcuirfeadh a chruth an topaic in iúl.

   Uasmhéid: 40 cm don toise is mó.

   **Ábhair:** Meascán ina bhfuil páipéir, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamachán, agus uirlisí a bhaineann leis an ngnó.

2. **Peannaireacht**

   Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar iomlán, nó ar chuid de Théacs (a) nó de Théacs (b). Tá rogha agat idir cur chuige traidisiúnta agus/nó nua-aimseartha peannaireachta i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníocht chuí ar bith eile a chomhtháthú.

   **Téacs (a)**

   Ach cad is oíche ann ar deireadh? Spás gairid, go háirithe nuair a mheathann an dorchacht chomh luath, agus go luath arís bíonn éan ag canadh, coileach ag glaoch, nó glaise lag ag gealadh i gcuas na toinne, ar chuma duille ag iompú datha. Leanann oíche an oíche, áfach. Tá paca díobh ar coimeád ag an ngeimhreadh agus roinneann sé iad go cothrom réidh, le méara gan traochadh. Téann siad i bhfad; dubhaíonn siad. Coinníonn cuid díobh pláinéid ghlana in airde, plátaí gile. Gabhann crainn an fhómhair chucu féin, agus iad lomtha mar atá, feoil bhratacha stiallta ag adhaint i bpluaiseanna gruama ardeaglaisí mar a mbíonn cur síos i litreacha órga sna leathanaigh mharmair ar an mbás i lár catha agus ar an gcaoi a mbánaíonn agus a loisceann cnámha i ngaineamh na hIndia. Bíonn léas ó chrainn an fhómhair i solas buí na gealaí, faoi sholas ghealacha an fhómhair, an solas a shéimhíonn fuinneamh na hoibre, a shlíocann an coinleach agus a thugann an tonn ghorm ag lapadaíl chun tíre.

   Tá na hoícheanta lán de ghaoth agus de scrios anois; tumann agus lúbann na crainn agus imíonn na duilleoga ar caorthainn chárthainn go dtí go mbíonn an fhaiche clúdaithe leo agus iad ina luí i ngáitéir agus na píobáin bháistí plúchta acu agus na cosáin thaise scaipthe.

   Sliocht as ***To the Lighthouse*** le Virginia Woolf, Penguin Books.

**Téacs (b)**

An giolla carrchlóis is iontaí ar domhan, tá sé in ann carr a chúlú daichead míle san uair isteach i spás cúng agus stad ag an mballa, léim amach, rás i measc na mbumpar, léim isteach i gcarr eile, í a thiomáint caoga míle san uair sa timpeall i spás cúng, cúlú go mear isteach in áit gan mórán slí, an carr a shnapadh leis an gcoscán láimhe ionas gur féidir í a fheiceáil ag preabadh agus é ag imeacht faoi luas, ansin glanadh leis go dtí both na dticéad, é ag rith ar chuma lúthchleasaí, ticéad a shíneadh isteach, léim isteach i gcarr atá díreach tagtha isteach, an carr a thosú agus an doras ag flapáil agus bleaisteáil leis go dtí an chéad áit pháirceála eile.

Sliocht as ***On the Road*** le Jack Kerouac, Penguin Books

**Ábhair:** dromchla oiriúnach d'obair pheannaireachta – **uasmhéid A2**, ábhair éagsúla do cholláis, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacart etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a cuireadh ar fáil, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí folamh.

3. **Póstaer**

Dear agus déan póstaer nó cárta taispeána do cheann amháin de na topaicí seo a leanas:

(a) An 10ú Féile Scannán Bhliantúil

(b) Cluichí Oilimpeacha 3012

(c) Siamsaíocht Ard-Teic

Ní mór **teideal** na topaice roghnaithe, **(a)** An 10ú Féile Scannán Bhliantúil**, (b)** Cluichí Oilimpeacha 3012, nó **(c)** Siamsaíocht Ard-Teic, a chur ar an saothar críochnaithe. Is fearr litreoireacht phearsanaithe, tógtha de láimh, nó lámhdhéanta a úsáid. Is é do rogha féin é cruth agus cineál an chárta taispeána, ach níor chóir dó dul thar toise A2 ar a mhéid. Is féidir oibriú i 3D. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a cuireadh ar fáil, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí folamh.

**Ábhair:** Páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, greamacháin, dúigh, péinteanna, scuaba, rialóir, crosbhacart, meán ar bith eile a thriomaíonn go tapa.

**4. Fíodóireacht**

Dear agus figh brat bhalla, taipéis nó píosa lár boird agus bíodh ceann de na téamaí seo a leanas mar fhoinse don dearadh:

(a) Duaithníocht an Dúlra

(b) Íomhánna agus Dathanna a spreagann an sliocht seo a leanas:

Ar éigean a bhí sé lasmuigh arís nuair a chuala sé glamaíl neamhchloíte an tsalúin, a bhí measctha anois le búireadh gaothuirlisí. Bhí áthas air nár ghá dó dul amach tríd an salún. Bhí gach ceann de na cúig urlár san óstán lasta suas anois agus ghealadar an bóthar os a chomhair amach ó thaobh taobh. Bhí gluaisteáin ag sá rompu fós ar an mbóthar, gach re seal anois, ag taibhsiú níos tapúla istoíche ná sa lá, ag brath rompu ar an mbóthar le léasacha bána a soilse tosaigh, a mheath nuair a ghabhadar thar soilse an óstáin, ach a bhladhm leo arís agus iad ag sciurdadh isteach sa dorchacht arís níos faide anonn.

Sliocht as ***America*** le Franz Kafka

Úsáid ábhair agus teicníochtaí éagsúla san inneach. Úsáid dath, cruth, patrúin agus uigeachtaí chun barr feabhais a chur ar do shaothar. Is féidir meáin mheasctha a úsáid i do shaothar.

**Ábhair:** Deilbh réamhullmhaithe ar sheol nó ar fhráma, éagsúlacht snátha agus abhrais, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

**5. Líonóilghearradh/Blocphriontáil**

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Aghaidh agus Cúl

(b) An Phromanáid

(c) Droim ar ais

Ba chóir toisí 15 cm x 20 cm ar a laghad a bheith i do phrionta críochnaithe. Is féidir dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach nó do phrionta a úsáideann dhá dhath priontála ar a laghad. Ba chóir cineálacha éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar agus tuiscint chuimsitheach ar airíonna an líonóilghearrtha/na blocphriontála a léiriú.

**Ábhair:** Píosa/í líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar an gcur chuige: modh laghdaithe nó bloc ar leith do gach dath) nach lú ná 20 cm x 15 cm; páipéar rianaithe; páipéar priontála; dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa; uirlisí gearrtha agus priontála etc.

**N.B.** Má tá do chuid priontaí fliuch fós ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh iad go cúramach le plaisteach glé sula gcuireann tú sa chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir duit an líonóil/an t-adhmad (agus plaisteach timpeall air) a thabhairt suas le scrúdú freisin.

**6. Puipéadacht**

Déan puipéad lámhainne, puipéad slaite nó puipéad téide bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bithiúnach

(b) Pearsa as dráma de chuid Shakespeare

(c) An Dúlra mar mháthair

Ba chóir go mbeadh do phuipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe.

**Ábhair:** fabraic, snáth, ábhair uigeacha ilghnéitheacha, péinteanna, etc; bunchruth na lámhainne agus é fuaite, an bunchorp déanta as cúr-rubar, papier maché nó ábhair éadroma eile. Ní mór na baill choirp ar fad a chur le chéile agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe.

**7. Scáthlánphriontáil**

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Faoin micreascóp

(b) An *menagerie*

(c) An saol sa lána luais

Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ní mór forphriontáil a bheith i do dhearadh. Is féidir leat priontáil ar chúlra de do rogha féin atá oiriúnach don dearadh. Níor chóir toisí níos mó ná 100 cm x 100 cm a bheith i do phrionta críochnaithe.

**Ábhair:** fabraic, scáileáin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh etc.

**8. Teicstílí Lámhphriontáilte**

Dear agus priontáil athphatrún leath-thitime ar phíosa d'ábhar oiriúnach.

Níor chóir toisí níos mó ná 100 cm x 100 cm a bheith i do phrionta críochnaithe.

Déan taighde agus forbairt ar do dhearadh ó cheann díobh seo a leanas:

(a) Pláinéid, fithisí agus grianchórais

(b) Mapaí

(c) Ainmhithe coimhthíocha

Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ní mór forphriontáil a bheith i do dhearadh. Cuir le héifeacht do dhearaidh agus aird á tabhairt agat ar ghluaiseacht, sní agus nascacht.

**Ábhair:** fabraic oiriúnach, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh etc.

**9. Baitíc**

Dear agus déan baitíc ar fhabraic oiriúnach de do rogha féin. Ní mór do dhearadh a fhorbairt ó cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) An Phríomhshráid

(b) Sirtheoireacht, cromadach, réidh le preabadh

(c) An saol fo-thoinn

Ba chóir do bhaitíc a thumadh go hiomlán faoi dhó ar a laghad le linn an phróisis. Ba chóir an lámhphéinteáil a dhéanamh ar réimsí beaga sonracha amháin. Níor chóir do do phrionta críochnaithe a bheith níos mó ná 100 cm sa toise is mó.

**Ábhair:** fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann smúdála, etc.

**10. Criadóireacht**

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bosca agus clúdach air a mbeadh a inspreagadh san ailtireacht Ghotach

(b) Píosa dealbhóireachta atá oiriúnach le crochadh ar bhalla agus a mbeadh a inspreagadh sa mhiotaseolaíocht

(c) Coimeádán ard a mbeadh a inspreagadh i gcloigeann daonna.

Caithfidh tú do shaothar a bhácáil. Ba chóir é a mhaisiú le hábhair oiriúnacha – glónraí, sleamhnáin agus ocsaídí. Uasmhéid 40 cm sa toise is mó.

**Ábhair:** cré réamhullmhaithe do do rogha teicníocht (ar roth nó lámhdhéanta). Trealamh agus ábhair chuí chriadóireachta: sleamhnáin, glónraí, ocsaídí etc.

**11. Bróidnéireacht**

Dear agus bróidnigh dealbhóireacht bhog, ceannbheart maisithe nó brat balla bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Sléibhte, aibhneacha, locha, foraoisí, coillearnach, portach

(b) Gluaiseacht rinceora

(c) Rianta

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greim láimhe agus/nó greim meaisín) agus teicníochtaí éagsúla, mar shampla, feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué* etc.

**Ábhair:** ábhair éagsúla, ina measc earraí aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, greadhnán, sreang, papier maché, etc.

**12. Snoíodóireacht adhmaid/Snoíodóireacht**

Dear agus snoigh ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa snoíodóireachta, a sheasann leis féin, bunaithe ar eitilt

(b) Placáid bunaithe ar shaol na farraige

(c) Plaic chun ócáid spóirt a chomóradh

Tá an litreoireacht roghnach. Uasmhéid 40 cm sa toise is mó.

**Ábhair:** adhmad, plástar nó aon ábhar oiriúnach eile; bailchríocha éagsúla; trealamh snoíodóireachta.

**13. Miotalóireacht/Tógáil**

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) Plaic chun 'rás na long ard' a chomóradh

(b) Dealbhóireacht mhiotail, a sheasann leis féin, bunaithe ar 'bhóithre, bóithre iarainn, droichid, canálacha'

(c) Soitheach maisithe chun torthaí coimhthíocha a choimeád

Uasmhéid 40 cm sa toise is mó.

**Ábhair:** ábhair chruanta; miotail do theicníochtaí tógála; trealamh chun do dhearadh a chur i gcrích.

**14. Múnlóireacht**

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta i bhfoirm chruinn nó i bhfoirm rilífe chun léirmhíniú a dhéanamh ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Múnla de réir scála do phíosa dealbhóireachta a sheasann leis féin agus atá le lonnú in áit ar leith ag an mbealach isteach in Ionad Spóirt nó in Ionad Siopadóireachta

(b) Dealbhóireacht a sheasann leis féin, le lonnú ar thimpeallán, atá bunaithe ar 'an chomaitéireacht'

(c) Painéal balla maisithe bunaithe ar sheánra sainiúil ceoil (e.g. jazz, rap, rac) le crochadh san ionad fáilte i stiúideo taifeadta

Ba chóir na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le solas á fhrithchaitheamh ar dhromchlaí agus ar phlánaí a chur san áireamh.

Uasmhéid 40 cm sa toise is mó.

**Ábhair:** Is féidir na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta. Is féidir ábhair bhreise a chur le do shaothar.